Dea-mhuinteoir abea Proinn

Mary McMorrow

"Education is what survives when what has been learnt has been forgotten".

Skinner, B F
New Scientist, 21st March 1964

Nuair a smaoiníonn tú ar cad is dea-mhúinteoir ann, tá sé deacair sainmhiniú a thabhairt air. Tá sé thart ar deich mbliana anois ón am ar fhág me an mhéanscoil agus ag smaoineamh siar ar an méid a d'fhoghlaim mé, ní cuimhin liom an chuid is mó a chuir mé de ghlanmheabhair agus mé i mbun scrúdaithe. Is maith is cuimhin liom na múinteoirí go léir a bhí agam, áfach.

Thug na múinteoirí is fearr spreagadh dom dul i dtreo múinteoireachta mé féin agus is ó dhuine amháin ar leith a fuair mé an suim sa Ghaeilge. Múinteoir den scoth ab ea é a thug tacaíocht dom i gcónaí, múinteoir a bhí lán d'fhoighne agus de thuiscint agus is duine lách cinéalta amach is amach é.

Chuir mé aithne ar Phroinn ar dtús mar athair mo charad agus ar ndóigh bhí aithne agam air ón scoil cé nach raibh sé mar mhúinteoir Gaeilge agam riamh. Gan amhras ar scoil bhí na scoláirí go léir an-tógtha leis agus tugadh dea-ainm air mar mhúinteoir maith i measc na ndaltaí. Bhuail mé leis mar mhúinteoir don chéad uair nuair a bhí mé sa chéathrú bliain agus an stair á dhéanamh agam. Bhí na raflaí go léir fíor mar gheall air, níor bhuail mé le múinteoir níos tuisceanaí riamh.

D'eagraigh Prionn rang drámaíochta nuair a bhí mé sa tríú bliain ar scoil agus don chéad uair bhí rogha ag na daoine leisciúla nach raibh mórán suime acu sa spóirt. B'é sin an chéad taithí a fuair mé riamh de bheith ag aisteoireacht trí mhéan na Gaeilge. Ghlacamar páirt sa chomórtas Slógadh agus d'éirigh linn.

Ní dhéanfaidh mé dearmad go deo ar an treoir agus an cabhair ar thug sé dúinn.Rinneamar an drama athuair an bhliain ina dhiaidh sin agus mhuscail sé spéis mhór ionam sa Ghaeilge.

Thug Proinn deis dom páirt a ghlacadh sa dráma Sadhbh le John B Keane. B'iontach an obair a rinne sé á aistriú ó Bhéarla go Gaeilge. Ní bréag ar bith a rá ach go raibh tionchar ag an bpáirt sin ar an rogha a rinne mé an Ghaeilge a dhéanamh mar ábhar san ollscoil. Taithí den scoth a bhí i gceist leis an tionscnamh sin agus caithfidh mé a rá go mbaineamar go léir mar fhoireann sult as.

Ní dhéanfaidh mé dearmad go deo air á rá liom dá dteipfeadh orm sna scrúdaithe dá bharr go raibh mé ag teacht abhaile chun cleachtadh a dhéanamh go maródh sé mé.

Faoi dheireadh, lean mé leis an nGaeilge agus tá sí mar ábhar muinteoireachta agam anois. De shíor cuirtear ceist orm maidir le conas a bhí suim ag cailín ó Chontae Liatroma sa Ghaeilge. Is docha gurb é an freagra ná go raibh múinteoir ar leith agam, múinteoir ó thaobh an chultúir agus na hoidhreachta de.

D'fhoghlaim mé ón dúil a bhí agus atá fós aige sa teanga agus anois táim gafa léi chomh maith.